

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Miontuairiscí chruinniú Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire (BOOÁCDL) a tionóladh ar MS Teams agus trí ghlaio comhdhála.

Cruinniú: 4:30 i.n. an 18 Deireadh Fómhair 2021

I láthair: An Clr. Brigid Manton, an Clr. Yvonne Collins, an Clr. Pamela Conroy, Anne Genockey, Daneve Harris, an Clr. Peter Kavanagh, an Clr. Pamela Kearns, Colm Kilgallon, Claire Markey, Gerry McGuire, an Clr. Joe Newman, Brendan O'Halloran, an Clr. John Walsh.

Leithscéalta: Ken Farrell

As láthair: an Clr. Ed O'Brien, an Clr. Kazi Ahmed, an Clr. Cathal Boland, an Clr. Michael Clark, an Clr. Una Power.

I láthair: Caitríona Murphy, POF; Debbie Howlett, Stiúrthóir na Rannóige Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna, Siobhan Lynch, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna, Aisling Crowley, Oifigeach Forbartha, Seirbhís don Ógra, Emma Maloney, Cúntóir Pearsanta le SMT.

Doiciméid:

Arna nUaslódáil go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an Clr. Joe Newman, fáilte roimh gach duine chuig an gcruinniú agus ghabh buíochas le Daneve Harris as a ról mar an gCathaoirleach roimhe seo.

1. Tugadh na leithscéalta ar aird

Comhbhrón

Rinneadh comhbhrón le teaghlaigh bhaill foirne ar bhásaigh duine muinteartha leo le mí anuas. Bhí nóiméad ciúnais ann.

2. Coinbhleachtaí Leasa a Chur in Iúl

Níor cuireadh aon choinbhleachtaí in iúl

3. Ábhair le Réiteach ag an mBord

Miontuairiscí Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe sin a bhí ar siúl an 20 Meán Fómhair 2021.

Molta: An Clr. Peter Kavanagh

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

Cuidithe: Gerry McGuire

Ceapacháin Chomhaltaí Boird Bainistíochta

Ceapadh an Clr. Pamela Kearns ina hionadaí BOO chuig bord CBO Dhún Droma

Molta: An Clr. Peter Kavanagh

Cuidithe: Gerry McGuire

Ceapadh an Clr. Joe Newman ina ionadaí BOO chuig bord CP Fhinnéin

Molta: An Clr. John Walsh

Cuidithe: An Clr. Peter Kavanagh

4. Ábhair le tabhairt ar aird ag an mBord

Comhfhreagras i gCiorcláin ón Roinn **Tugtha ar Aird**

5. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an bhFeidhmeannas

Tuarascáil an POF – Dé Luain an 18 Deireadh Fómhair 2021

Is mian liom bhuíochas a ghabháil go foirmiúil le Daneve Harris as a ról ina Cathaoirleach ar an bBord ó mhí Dheireadh Fómhair

2020 go dtí mí Mheán Fómhair 2021 agus as an sár-jab a rinne sí le bliain anuas. Cuirimid fáilte go foirmiúil roimh an gClr. Joe Newman chuig an ról sin ón lá inniu go dtí mí Mheán Fómhair 2022. Comhghairdeas le Joe ón bhFeidhmeannas agus táimid ag súil le bheith ag obair leat agus tacú leat i do ról.

Tá NPHEIT le teacht le chéile inniu agus cuirfidh siad comhairle ar an Rialtas maidir leis an mbealach amach romhainn agus táimid ag súil le breis treoraíochta a fháil an tseachtain seo. Faoi láthair, táimid fós ag feidhmiú ar aon dul le comhairle sláinte poiblí agus rialtais, lena n-áirítear comhairle ón Roinn Oideachais agus ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais - fillleadh ar na scoileanna/coláistí agus ionaid uile de réir na dtreoirilínte iomchuí agus ar aon dul leo. Tá cruinnithe fós á dtionól ar líne ar aon dul le comhairle ón rialtas. Táim buíoch inniu gur amhlaidh an scéal. Gabhaimid buíochas lenár bhfoireann uile inár scoileanna/coláistí agus ionaid (teagasc/bainistiú/riarachán agus seirbhísí tacaíochta - foireann agus pobal níos leithne BOOÁCDL - a d'oibrigh go crua chun tús áite a thabhairt do shláinte, sábháilteacht agus folláine ár scoláirí agus ár bhfoirne.

Sna míonna amach romhainn, beimid ag obair ar ár Ráiteas Straitéise; beidh Rosemarie McGill ina príomhoifigeach forbartha ag obair leis an bhFoireann Ardbhainistíochta agus tá cuideachta faighte againn chun oibriú linn freisin; beimid ag bualadh leis an bhfoireann an tseachtain seo chugainn.

Maidir leis na tuarascálacha TFE, is mian linn a chinntiú go mbeidh go leor ama againn do na nuashonruithe i ndáil le Foirgnimh, Acmhainní Daonna agus Airgeadas. Labhróidh Debbie libh fúthu sin. Roimhe sin, tabharfaidh an Stiúrthóir TFE (Siobhan Lynch) nuashonrú daoibh agus tabharfaidh Nichola nuashonrú daoibh ar thuarascáil na Stiúrthóirí Scoileanna agus Seirbhísí don Ógra. Déanfaidh Nichola an cur i láthair ansin mar a iarraidh. Díreach roimhe sin, is mian liom a lua gurb é seo an cruinniú deiridh do Nichola ar feadh cúpla mí mar beidh sí ag dul ar saoire mháithreachais ar feadh cúpla mí ó mhí na Samhna, mar sin is mian linn comhghairdeas a dhéanamh le Nichola agus gach rath a ghuí uirthi an tráth thar a bheith speisialta seo di féin agus dá teaghlach. Tá próiseas earcaíochta ar bun don ról Stiúrthóir Gníomhach Scoileanna go dtí an samhradh.

Stiúrthóir BOaO

Bainistiú beart COVID 19 i gcoláistí agus ionaid BOaO:

Tá NPHEIT le teacht le chéile inniu agus cuirfidh siad comhairle ar an Rialtas maidir leis an mbealach amach romhainn bunaithe ar an méid a fheiceann siad sna sonraí agus treochtaí is cothroime le dáta maidir le COVID 19. Má tá aon athrú le déanamh ar na bearta rialaithe reatha COVID 19 dár gcoláistí agus ionaid BOaO, cuirfear in iúl iad níos déanaí an tseachtain seo via Grúpa Oibre Pháirtithe Leasmhara BOaO i “Ráiteas ar Fhilleadh Sábháilte BOaO”.

2. An tAthbhreithniú Tosaigh:

Tá foireann BOaO um Dhearbhú Cáilíochta fós i mbun ullmhúcháin don athbhreithniú seachtrach ar chórais BOaO maidir le dearbhú cáilíochta.

- Tá dhá shuirbhé ar ionaid ina bhfuil 130 ceist scaipthe ar gach coláiste agus ionad BOaO. Ach na suirbhéanna sin a chomhlánú mar fhoireann, beidh deis ag gach ionad féinmheastóireacht chuimsitheach a dhéanamh ar an mbealach atá na córais um Dhearbhú Cáilíochta ag obair iontu. Tá roinnt foirne athbhreithnithe curtha ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar an aiseolas ó na suirbhéanna. Oibreoidh na foirne sin chun aon láidreachtaí agus laigí arna sainaithint sna suirbhéanna i ndáil lenár nósanna imeachta um Dhearbhú Cáilíochta a thabhairt ar aird. Táthar ag súil go dtabharfar céim 1 den obair sin chun críche faoi dheireadh na seachtaine seo.
- Fóraim Foghlaimeoirí BOaO: Mar chuid den Athbhreithniú Tosaigh, rinne AONTAS óstáil ar dhá Fhóram Foghlaimeoirí ar líne d’fhoghlaimeoirí BOaO BOOÁCDL an 13 agus 14 Deireadh Fómhair 2021. Soláthróidh na fóraim sin aiseolas luachmhar faoi eispéireas ár bhfoghlaimeoirí. Déanfaidh AONTAS suirbhéanna ar líne mar obair leantach air sin. Leis an aiseolas uile sin, cuideofar linn an méid a dhéanaimid a athbhreithniú, an méid a dhéanaimid go maith agus an méid a d’fhéadfaimis a fheabhsú a shainaithint agus feabhsúcháin amach anseo a phleanáil.

Printíseachtaí - Práinnfhreagairt ar Riaráiste Printíseachtaí Ceirde:

D'fhonn ár gcuid a dhéanamh chun an riaráiste Printíseachtaí Ceirde a laghdú, tá bainisteoirí na nIonad Oiliúna, Acmhainní Daonna agus an fhoireann Foirgneamh ag obair chun leathnú amach ár soláthar Printíseachtaí Ceirde a leathnú amach.

- Mar chuid den Phráinnfhreagairt ar Phrintíseachtaí, d'fhaomh RBATNE 13 phost bhreise den sórt sin, ar bhonn téarma seasta 2 bhliain, i mí Dheireadh Fómhair.
- Tá BOOÉ ag tacú le BOONa teagascóirí a earcú trí fheachtas earcaíochta náisiúnta.
- Tá iarratais ar chistiú caipitil éigeandála le haghaidh 4 thionscadal faofa agus SOLAS. Cuideoidh na tionscadail chaipitil sin leis le hardú a chur ar líon na bprintíseachtaí leictreacha in Ionad Oiliúna Bhaile Dúill, chomh maithe le printíseacht Cearpantóireachta agus Siúinéireachta in Ionad Oiliúna Thamhlachta. Déanfar dul chun an mhí seo ar phleananna maidir le Printíseacht Pluiméireachta in Ionad Oiliúna Bhaile Uí Lachnáin.

An Ciste um Míbhuntáiste Oideachasúil a Mhaolú (MAEDF)

I mí Mheán Fómhair, thacaigh foireann pleanála BOaO agus Seirbhís Oideachais Aosaigh le heagraíochtaí pobail chun iarratas a dhéanamh ar chistiú faoin gciste MAEDF. Próiseáladh os cionn 30 iarratas faoi Bhabhta 1 agus tá maoiniú dar luach €200,840 faofa ag SOLAS anois. Déanfaidh Seirbhísí Corparáideacha riarachán na n-íocaíochtaí deontais le heagraíochtaí pobail. D'fhéadfadh an dara babhta Cistiúcháin MAEDF bheith ann in 2022 ach tá sin le deimhniú fós.

Clár Forbartha Ceannaireachta - BOaO

Tháinig an Grúpa Comhairleach um Fhorbairt Ceannaireachta le chéile chun pleanáil a dhéanamh don chúigiú seisiún, an seisiún deiridh, den tionscnamh seo, a thionólfar i mí na Nollag. I measc na dtéamaí a d'fhéadfadh a bheith ann tá an bealach a fhéadfaidh bainistiú BOaO tionchar a imirt ar ráiteas straitéise nua BOOÁCDL, fócas athnuaithe ar ár gcuspóir agus éiteas, agus ról bhainistíocht agus fhoireann BOaO maidir le ceannaireacht agus cur i bhfeidhm straitéis nua BOOÁCDL.

Stiúrthóirí Scoileanna

An Bord Bainistíochta

Scaipeadh cuir i láthair ar na Príomhoidí le roinnt ag a gcruinnithe Boird Bainistíochta faoi seach, lena chinntiú go ndéanfar freastal ar chomhaltaí Boird nua nach raibh ann an bhliain acadúil seo caite. Eiseoidh BOOÉ cuir i láthair bhreise chuig gach Bord go luath i ndáil le Ligeán Isteach agus Teagasc agus Foghlaim, tríd an doiciméad "Ag Breathnú ar an Scoil Againne".

Scoileanna

- Reáchtáladh oiliúint do Phríomhoidí PSN i "gCeannaireacht Bhunaitheach a Chothú agus in ilchultúrachas criticiúil i bpobalscoileanna náisiúnta" Déardaoin an 30 Meán Fómhair. San oiliúint seo, díródh ar chur i ngníomh na mbunluachanna i gcomhthéacs

gach scoile aonair, d'fhonn na háiteanna ina bhféadfaí cuir chuige níos criticiúla a leabú a shainaithint.

- An 19 Deireadh Fómhair, tionólfar oiliúint i soláthar Chláir an Phátrúin, GMGY, i ndáil le hidirphlé Idirchreidimh do na foirne uile i bpobalscoileanna náisiúnta a éascú. Tá an oiliúint sin le soláthar ag an Dr. Patricia Kieran as Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach.
- Cuirfear leis an FGL thuas i mí na Samhna chun Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a Leabú i dTeagasc agus Foghlaim ar feadh na scoileanna PSN.
- D'fhreastail 42 bhall foirne PSN nua ar an gClár Ionduchtúcháin do bhaill foirne PSN nua, a tionóladh ar líne an 23 Meán Fómhair.
- Tionóladh ionduchtú ar Éiteas do bhaill foirne nua PSN an 14 Deireadh Fómhair. BOOÉ a bhí ina óstach ar an oiliúint sin, le tacaíocht ón Roinn Oideachais agus Scileanna.
- Tá Lónra Ceangail RSO BOOÁCDL le haghaidh scoileanna PSN bunaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhpháirtíocht le CNOS don bhliain acadúil seo, le tacaíocht ón oifigeach forbartha RSO/DEIS chun é a chur i bhfeidhm i ngach scoil PSN. Is é sin an chéad lónra dá leithéid ag CNOS lena ndíreofar an soláthar saineolais ar struchtúir bhainistíochta iompraíochta chomhsheasmhacha a fhorbairt agus a leabú i ngach scoil PSN.
- Rinne os cionn 100 múinteoir bunscoile Clár Ionduchtúcháin Iar-bhunscoile BOOÁCDL, ina cumhdaíodh cur i láthair ar thacaíochtaí teagasc agus foghlama BOOÁCDL, Acmhainní Daonna, Éiteas agus bunluachanna, cuimsiú agus éagsúlacht. Rinne Aontas Múinteoirí Éireann cur i láthair freisin.
- Cuireadh tús lenár gClár Ceannaireachta Múinteoirí (TLP) agus bhí os cionn 150 rannpháirtí ann. Reáchtálfar an clár ar feadh na bliana acadúla uile agus beidh ceardlanna agus cainteoirí éagsúla ann, a dhíreoidh ar theagasc agus foghlaim a threorú.
- Cuireadh tús leis an gClár Meán-cheannaireachta (MLP) freisin agus bhí 55 rannpháirtí ann. Dearadh an clár sin do Phríomhoidí Cúnta chun cabhrú le tacaíocht a thabhairt dóibh lena bhfreagrachtaí ceannaireachta éagsúla.
- Rinneadh cigireachtaí teagmasacha i 5 iar-bhunscoil le seachtainí beaga anuas. Dhírigh siad ar theagasc agus foghlaim, frithbhulaíocht, cosaint leanaí agus guth an mhic léinn. Go straitéiseach, bhí cruinniú príomhoidí pleanáilte roimh ré i roinnt de na scoileanna a chuaigh tríd an bpróiseas sin. Roinn príomhoidí a gcuid taithe ar an gcigireacht agus aon acmhainní.
- Tá cuairteanna tacaíochtaí scoile á ndéanamh aghaidh ar aghaidh arís, ach tá cruinnithe Príomhoidí agus Príomhoidí Ionaid á dtionól ar líne fós.

Seirbhísí don Óige

Cuirfear tús le Music Generation Fhine Gall, a bhfuil BOOÁCDL ina phríomhpháirtí de, i mí na Samhna, agus tá Oifigeach Forbartha Ceoil nua le tosú an 15 Samhain. Is iad na limistéir ar a ndíreofar an soláthar sin:

- Baile Brigín
- Sord
- An Ros
- Lusca
- Baile Bhlainséir

Is clár cúig bliana é seo lena mbunaítear soláthar ceoil a fhreagraíonn do ghuth leanáí agus daoine óga i bhFine Gall trí réimse tacaíochtaí agus seirbhísí fiúntacha a chur ar fáil lena soláthraítear bealaí chun taibhiú a dhéanamh ar mhaithe lena bhforás agus ó thaobh an cheoil de agus lena lánacmhainneacht a bhaint amach.

Tá ár gcur chuige ar aon dul le cuspóirí Phlean Ealaíon Chontae Fhine Gall, leis na luachanna a bhfuil breac-chuntas orthu i bPlean Straitéise Music Generation agus i bPlean Forbartha Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Fhine Gall.

Freagraíonn sé do na saincheistanna agus do na dúshláin a dtugtar ar aird sa Staidéir um Próifíl ar Limistéir agus Anailís ar Riachtanais (APNARS) a d'fhorbair BOOÁCDL i ndáil le leanáí agus daoine óga faoi mhíbhuntáiste sa chontae. Meastar go gcuirfear soláthar an chláir ar fáil ar bhonn grúpaí beaga ar dtús, agus úsáid á bhaint as áitreabh atá ann cheana féin (scoileanna DEIS agus scoileanna i mbéal forbartha, moil BOO, suíomhanna don ógra agus suíomhanna sainchúraim) agus go gcorprófar deiseanna ar líne sa mheántearma go fadtearma.

Seirbhísí um Fhorbairt Ógra agus Spóirt

Thug Aisling Crowley, Seirbhísí um Fhorbairt Ógra agus Spóirt, cur i láthair don bhord lenar áiríodh aidhm na seirbhíse agus na tacaíochtaí a chuirtear ar fáil. Thug Aisling forléargas ar struchtúr na seirbhíse agus ar a ranna císithe.

Coistí an Bhoird - mar Fhaisnéis

Clár Rioscaí - Tugtha ar Aird

5.1 Tuarascáil Airgeadais Tugtha ar Aird

BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA ÁTHA CLIATH AGUS DHÚN LAOGHAIRE							
TUARASCÁIL AIRGEADAIS							
AN BHLIAIN GO DTÍ SEO Meán Fómhair 2021							
Clár	Deontas Tosaigh		Fáltais		Íocaíochtaí		Iarmhéid Airgid
	Airgead Tirim Iarmhéid						Deontais Deiridh
	An 1 Eanáir 2021						An 30 Meán Fómhair 2021
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME MAR PHÁ	324,028		(87,003,535)		87,083,988		404,511
IOMLÁN NA PRÍOMHSCÉIME NEAMHPHÁ	(2,662,101)		(6,301,372)		6,031,858		(2,931,615)
IOMLÁN A BHAINNEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM	(4,756,721)		(4,645,473)		2,549,466		(6,852,728)
IOMLÁN NA mBUNSCOILEANNA	(799,874)		(1,706,039)		1,141,888		(1,363,995)
CAIPITEAL IOMLÁN	(9,608,231)		(12,689,729)		9,150,658		(13,147,302)
IOMLÁN NA NDEONTAS TRÍÚ LEIBHÉAL	(171,666)		-		-		(171,666)
IOMLÁN NACH mBAINEANN LEIS AN bPRÍOMHSCÉIM							
IOMLÁN NA nIONAD OILIÚNA	(3,112,051)		(32,003,558)		28,840,973		(6,274,646)

IOMLÁN NA SEIRBHÍSÍ ÓIGE		(8,011,814)	(30,042,025)	21,942,770	(16,111,069)
IOMLÁN NA GNÍOMHAIREACHTA		(1,222,537)	(7,985,470)	6,984,443	(2,223,564)
		(907,157)	(2,440,371)	2,785,191	(562,337)
IOMLÁN AN FHÉINMHAOINITHE		(6,860,848)	(4,210,119)	2,321,026	(8,749,941)
Iarmhéid Bainc		(37,788,972)	(189,027,611)	168,832,261	(57,984,352)
Bhí iarmhéid thart ar €58m sa chuntas bainc ag BOOÁCDL amháil ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2021					
Tá na deontais bhreise seo a leanas faighte ón Roinn Oideachais agus ó SOLAS a bhaineann leis an bPríomhscéim, go dtí seo chun caiteachas a bhaineann le COVID-19 a chlúdach,			S go dtí seo. Tá na deontais seo san ireamh le		
Deontais Bunscoile, deontais nach mbaineann leis an bPríomhscéim, deontais Chaipitil agus nach mbaineann leis an bPríomhscéim sa tábla thuas.					
		Iarmhéid Tosaigh	Fáltais	Íocaíochtaí	Iarmhéid Deiridh
Bainteach le PS	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	(10,666)	10,299	367	0
Bainteach le PS	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID19	(27,499)	(395,288)	224,311	(198,476)
Bainteach le PS	DEONTAS LE hAGHAIDH MAOIRSEACT FHEABHSAITHE IN AIMSIR COVID19	(277,672)	(968,991)	578,865	(667,798)
Bainteach le PS	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID19	(175,277)	(729,399)	346,873	(557,803)
Bunscoil	DEONTAS LE CÚNTÓIR A FHOSTÚ IN AIMSIR COVID-19	(3,638)	1,417	2,221	0
Bunscoil	DEONTAS TACAÍOCHTA GLANTACHÁIN COVID-19	(52,978)	(95,770)	74,092	(74,656)
Bunscoil	DEONTAS LE hAGHAIDH DÍGHALRÁIN AGUS TCP IN AIMSIR COVID-19	(55,398)	(136,001)	95,477	(95,922)
Caipiteal	DEONTAS I LEITH MIONOIBREACHA COVID 19	(2,697,983)	0	1,200,460	(1,497,523)
BOaO	Forchostais COVID19	(176,053)	(209,125)	104,348	(280,830)

5.2 Tuarascáil ar na Foirgnimh Tugtha ar Aird

Cruinniú BOOÁCDL Eanáir 2021 Tuarascáil ar an gClár Caipitil & Foirgneamh Mórthionscadail Chaipitil 2021

Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
Coláiste Pobail Bhaile Brigín, Iomaire na Giúise, Sráid an tSéipéil, Baile Brigín.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil scoile nua, Céim 2B á hullmhú don Roinn Oideachais. Dáta críochnaithe measta Mí na Nollag 2021
Coláiste Pobail Naomh Fhionáin, Feirm an Chaisleáin, Sord.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Tógáil Sínte, 13 Sheomra Ranga Ginearálta & Shainsheomra. BOOÁCDL ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais ar scóip leasaithe. Ordú Taisc eisithe maidir leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth
Coláiste Pobail Ard Giolláin, Fearann an Chaisleáin, Baile Brigín, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Lorgaíodh Tairiscintí le haghaidh Oibreacha Leasúcháin. Ag fanacht ar chinneadh ón Roinn Oideachais faoin tairgeoir a n-éireoidh leis
Coláiste Pobail Leamhcáin, Céide na hEascrach, Leamhcán.	Baile Átha Cliath Thiar Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Conraitheoirí Réamhcháilithe. Sainchomhairleoir ag ullmhú freagraí ar bharúlacha ón Roinn Oideachais maidir le réamhcháiliú
Coláiste Chillian, 96-116 Seanbhóthar Nangair, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Baile Átha Cliath Thiar Theas, Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Ghlac an Roinn Oideachais leis an tairiscint. Litreacha le heisiúint ar na Conraitheoirí ar éirigh agus nár éirigh leo
Scoil Speisialta Beinin Casa. 1 Ascaill Chnoc Mhuirfean, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath	Baile Átha Cliath Thoir Theas. Comhairle Contae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin.	Athchóiriú an fhoirgnimh reatha. Aghaidh a Thabhairt ar bharúlacha Chéim 2b ón Roinn Oideachais.

TIONSCADAIL CHAIPITIL AR LEAN

Coláiste Pobail Naomh Caoimhín, Cluain Dolcáin. Baile Átha Cliath 22.	Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Seomraí Ranga Riachtanais Speisialta Oideachais (SEN) 2. Stop curtha le hoibreacha deartha. Meastóireacht ar an Scoil Uile fós ar siúl. Ordú Taisc eisithe i ndáil leis an gcóiríocht shealadach atá de dhíth
---	-------------------------------------	---

Scoil Speisialta Phobail Danu, Bóthar an Bhearnbhálaigh, Páirc Hans, Baile Átha Cliath.	Co. Bhaile Átha Cliath Thiar. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Oibreacha foirgníochta fós ar siúl
GS Reachrann, Bóthar Grange Abbey, Baile Átha Cliath 13.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh	Réamhcháiliú conraitheoirí tugtha chun críche. Sainchomhairleoir ag ullmhú freagraí ar bharúlacha ón Roinn Oideachais
Coláiste Pobail na Sceirí, Sráid Bhaile Brigín, Páirceanna an Bhaile, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh. Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall.	Foireann Deartha faighte ach amháin Ailtire Comhairleach. Tuarascáil bhreise á hullmhú ag BOOÁCDL le heisiúint chuig an Roinn Oideachais
Coláiste Pobail Mhóin Seiscinn, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	Buiséad Faofa le haghaidh Aonad Riachtanas Speisialta. Foireann deartha á faomhadh.
SEN Páirc Bhaile Choilín, Rualach, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22.	Contae Bhaile Átha Cliath Theas Comhairle Contae Átha Cliath Theas.	Tuarascáil Chéim 2b á hullmhú ag an bhFoireann Deartha faoi láthair le heisiúint chuig an Roinn Oideachais le faomhadh a fháil dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile
Clár Oibreacha Samhraidh 2020.		Na hoibreacha uile 95% tugtha chun críche
TIONSCADAIL UM CHÓIRÍOCHT SHEALADACH 2021		
Ainm & Seoladh an Tionscadail.	Achar.	Stádas/Nuashonrú Tionscadail.
TA Fhine Gall Bóthar Sea Town, Páirceanna an Bhaile, Sord Co. Bhaile Átha Cliath.	Contae Bhaile Átha Cliath Thuaidh Ceantar Chomhairle Contae Fhine Gall	Plé leanúnach idir an DOE, Comhairle Contae Fhine Gall agus BOOÁCDL.

Réadmhaoin: Meán Fómhair 2021

<i>Réadmhaoin</i>	<i>Nuashonrú</i>	<i>Stádas</i>
Lár Bhaile Dhún Droma, Aonad 2.	Léas imithe in éag ó 2017	Roinnt iarrachtaí á ndéanamh i mbliana leis an gcuideachta nua Hammerson ag feidhmiú thar ceann an bhoird i nDún Droma. Tá gearán déanta agam go foirmiúil

		agus táimid ag scríobh chuig Hammerson ar bhonn dlíthiúil.
Teach Mangan, Maigh Eo	Ní mór tailte a aistriú ar ais chuig BOOÁCDL. Úsáid neamhcheadaithe an áitribh. An réadmhaoin fós faoi árachas ag BOOÁCDL.	Tá dhá aistriú dhlíthiúla faighte. Tá ceann amháin eile fós le réiteach. Ordú cúirte ag eascairt as sin anois. Caingean tugtha ar ais do Eversheds anois. Ag fanacht ar nuashonrú faoi dhul ar aghaidh.
Campas Iarthar na Cathrach.	Clárú iomlán tailte leis an Údarás Clárúcháin Maoine, Eversheds ag obair ar na ceistanna sin faoi láthair agus ba cheart go dtabharfaí chun críche go luath iad. Cás dlí á thógáil ag Tríú Páirtí Brunella maidir le húsáid a bhaint as comhlímistéir i gcodanna áirithe talún. Cead pleanála tugtha don Roinn Oideachais chun dhá scoil a thógáil.	BOOÁCDL páirteach sna himeachtaí anois agus é ag obair le Eversheds. Imeachtaí agus Comhfhreagras ar bun. Cleachtadh leis an PRA beagnach tugtha chun críche. Eadráin beartaithe le tarlú i mí Dheireadh Fómhair 2021. Tionóladh eadráin agus bhí gach taobh i láthair. Táthar fós ag plé le torthaí agus tabharfaidh Dlíodóir nuashonruithe go luath.

Ionad Pobail Fhearann an Chaisleáin.	Comhaontú le CCFG as dáta.	Comhaontú sínithe agus comhaontaithe go dtí mí Mheán Fómhair 2021 Cruinnithe le CCFG, scoil agus bainisteoir Ionaid faoi chomhaontuithe cothabhála amuigh. Comhaontuithe déanta anois agus doiciméad foirmiúil d'úsáideoirí á dhréachtú anois.
Halla Spóirt Dhomhnach Bat agus Páirc Imealtha Uile Aimsire.	Níl aon chomhaontú foirmiúil/chomhaontú os cionn 10 mbliana d'aois ann. Tá an cíos atá á ghearradh ar an halla ró-ard. Todhchaí na páirce imeartha le cinneadh. Níl aon muirear cothabhála á íoc ag BOOÁCDL. Cás dlí fós le réiteach maidir le tuile ar an bpáirc imeartha.	Tionóladh roinnt cruinnithe le CCFG, BOOÁCDL agus CCFG ag breathnú ar chomhaontú tosaigh foriomlán. Cás dlí maidir le Páirc Imealtha dúnta. Ag fanacht ar tháillí amuigh ón Dlíodóir maidir le táillí ag dul siar 10 mbliana. Léasú agus réachtáil na páirce imeartha le cinneadh.

Ionad Pobail/Spóirt Bhaile Fiobail	CCFG ag iarraidh léas ar an bhfoirgneamh. Tá an léas comhaontaithe agus cuirfear meabhrán comhthuisceana ar bun. Seachas Léas.	tionóladh cruinnithe maidir leis sin. Measann BOOÁCDL nach gá léas a thabhairt do CCFG. D'fhéadfaí meabhrán a dhréachtú ina ionad sin. Ní mór do BOOÁCDL láithreachth Fhoróige ann a chur ar bhonn foirmiúil.
Lárionad na Scéime Malartaithe Ógra	Faoin léas, rinne an tiarna talún iniúchadh sláinte agus sábháilteachta. Tá dhá urlár a thógamar orainn féin mí-oiriúnach faoi shláinte agus sábháilteachta. Ní bhainfidís stádas sábháilteachta dóiteáin amach ach an oiread.	Rachaidh an léas in éag in 2024. Comhaontaíodh imeacht ón áitreabh an tráth sin agus lárionad nua a chuardach. Ní cheadaíonn BOOÁCDL úsáid a bhaint as an dá urlár uachtair mar nach gcomhlíonann siad caighdeáin dóiteáin.
Seanstáisiún na nGardaí, Baile Bhlainséir.	Is mian le hOifig na nOibreacha Poiblí comhaontú ar bhonn foirmiúil a dhéanamh, níl aon chomhaontú ann faoi láthair, cé gur thionóntaí sinn le 20 bliain anuas.	Comhfhreagras seolta ag William Egan san am atá caite chun úinéireacht a shoiléiriú agus ag iarraidh í a aistriú chugainn. Níl Oifig na nOibreacha Poiblí ag iarraidh sin, ag caint leis an Roinn maidir leis sin agus sa todhchaí. Léas idir BOOÁCDL agus Oifig na nOibreacha Poiblí a bheidh ann. Táthar ag breathnú ar an bhfoirgneamh in aice leis anois, an foirgneamh malartáin. Bhí léas againn, a d'imigh in éag tamall maith ó shin.
Beart Clárúcháin Réadmhaoine.	Ní mór gach réadmhaoine a chlárú. BOOÁCDL ag obair le Dlíodóir agus leis an Roinn Oideachais.	Ar siúl. Céim a trí tugtha chun críche. Ag dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile.
Halla Spóirt Bhaile Brigín.	Osclaíodh an foirgneamh ag tús Covid. Bhain an scoil an úsáid ba mhó ab fhéidir as. CCFG agus BOOÁCDL ag iarraidh go n-úsáidfí an t-ionad don chuspóir a beartaíodh ar dtús, mar ionad pobail/spóirt.	Roinnt cruinnithe le baill foirne agus scoil chun seomraí a fháil ar ais. Grúpa stiúrtha á chur ar bun. Cruinnithe le CCFG maidir le cistí agus todhchaí.
		Tá an halla agus limistéar an ghiomnásiam tugtha ar ais le húsáid ag an bpobal.

1 Geata Thuain
Cearnóg Belgard Thoir
Tamhlacht, BÁC 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
eolas@booacdl.ie
www.ddletb.ie

1 Tuansgate
Belgard Square East
Tallaght, Dublin 24
D24X62W

+353 (01) 4529600
info@ddletb.ie
www.ddletb.ie

D'ardaigh comhaltaí ceisteanna maidir le hoibreacha tógála ag CP Ráth Dara CC agus PSS Danu. Labhair Debbie Howlett faoi na ceisteanna a ardaíodh.

5.3 Nuashonruithe ar Phróifílí na mBall Foirne Tugtha ar Aird

- a) Daoine ag dul ar scor
- b) Ceapacháin & Arduithe Céime
- c) Daoine ag éirí as
- d) Postroinnt agus Sosanna Gairme

6. Ábhair arna gCur faoi Bhráid ag an mBord/Coistí an Bhoird i gcomhréir le Buanorduithe

7. An chéad chruinniú eile: an 15 Samhain 2021